

Ceanglais maidir le foirmeacha Ráitis Leasa a chur isteach go leictreonach chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí



Faigh an tsonraíocht maidir le cur isteach na bhfoirmeacha Ráitis Leasa bliantúla i bhformáid leictreonach chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin mar seo a leanas:

- Ba cheart comhaid leictreonacha a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as formáidí comhaid PDF nó Word .docx comhoiriúnacha.
- Agus comhaid leictreonacha á n-ainmniú agus á sábháil mar bhformáid PDF nó Word.docx, **ná** húsáid carachtair nó siombailí speisialta ar nós \$, € srl. Go háirithe, ná bain úsáid as uaschamóga agus an comhad á ainmniú agus á shábháil. Ní féidir le córas bainistíochta cásanna an Choimisiúin um Chaighdeáin comhaid a chuirtear isteach le huaschamóga agus le siombailí speisialta in ainm an chomhaid a phróiseáil.
- Ba chóir teorainneacha méide ríomhphoist a choinneáil go dtí < 20MB.
- Seachain grianghraif nó scananna ísealtaifeach. Caithfidh gach doiciméad a bheith inléite.
- Tá Zipchomhaid agus formáidí fillteáin chomhbhrúite eile srianta faoi bheartais scagtha ríomhphoist agus ní féidir iad a úsáid.
- Síniú leictreonach a úsáid chun a dheimhniú gur leor tuairisceán Ráitis Leasa. Ba cheart don chomhlacht poiblí é féin a shásamh go gcomhlíonann an fhormáid leictreonach a úsáidtear an tAcht um Thráchtáil Leictreonach 2000 (mar shampla ríomhshíniú a úsáideann ardán ríomh-shínithe doiciméad ar nós DocuSign).
- Is féidir le freagróirí aonair ráitis a sheoladh trí ríomhphost chuig submissions@sipo.ie. I gcás go bhfuil níos mó ná ráiteas amháin le cur isteach, ba cheart gach ráiteas a chur isteach i ríomhphost ar leith má tá an modh seo á úsáid. Nuair a bheidh ráiteas curtha isteach ag an duine trí ríomhphost, **níor cheart dó/di**

an ráiteas sin a chur isteach arís ach amháin má iarrann an Coimisiún um Chaighdeán air/uirthi é sin a dhéanamh.

- Tá cosc ar shuíomhanna gréasáin seachtracha comhroinnte comhad a úsáid faoi bheartais rochtana agus scagtha gréasáin an Choimisiúin. Más rud é go bhfuil líon mór tuairisceán ag freagróir agus gur mian leis saoráid comhroinnte comhad a úsáid, déan teagmháil le do thoil leis an gCoimisiún um Chaighdeán ag info@sipo.ie agus iarr le haghaidh nasc chuig an ardán comhroinnte comhad FileCloud. Nuair a bheidh an nasc eisithe ag an gCoimisiún féadfaidh an freagróir an nasc a úsáid chun a bhfoirmeacha a uaslódáil go slán lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin.
- Ní cheadaítear cosaint pasfhocail a úsáid ar chomhaid a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin.
- Ní mór gach Ráiteas Leasa a chur isteach mar chomhaid aonair iomlána. Ná cuir isteach foirm Ráitis Leasa mar leathanaigh aonair ar leith ar nós: ní mór Ráiteas Leasa amháin a chur isteach mar dhoiciméad singil mar PDF nó Word agus ní mar idir sé agus deich leathanach aonair.
- Ní mór Ráitis Leasa iolracha a chur isteach mar fhoirmeacha aonair ar leith ar nós: ná cuir isteach Ráitis Leasa le haghaidh freagróirí iolracha nó le blianta iolracha mar aon doiciméad amháin.
- I gcúinsí ina ndéanann comhlacht poiblí comhordú ar chur isteach ráiteas chuig an gCoimisiún um Chaighdeán agus go gcuireann sé isteach ráitis iolracha thar ceann ‘Stiúrthóirí Ainmnithe’, ba cheart na ráitis sin a sheoladh ar ríomhphost chuig an gCoimisiún um Chaighdeán ag info@sipo.ie agus **ní** chuig an seoladh submissions@sipo.ie.
- Nuair is féidir, tabhair sonraí teagmhála lena n-áirítear uimhir theileafóin le do sheoladh ríomhphoist chun aon fhiosrúcháin a d’fhéadfadh teacht chun cinn a bhrostú.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil na hoibleagáidí seo a leanas fós i bhfeidhm, cibé formáid a úsáideann tú chun do ráiteas a chur isteach, i bhformáid leictreonach nó i bhfoirm cóip chrua.

Rúndacht a choinneáil

Is cion é faisnéis atá i ráiteas a chuirtear ar fáil faoi na hAchtanna um Eitic a nochtadh, seachas de réir fhorálacha alt 35(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

An tréimhse choinneála reachtúil a urramú

Forálann alt 34(1) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, i measc rudaí eile, go gcoinneofar ráiteas a thabharfar faoi 13, 14, 16, 17, 18, 19 nó 29 ar feadh tréimhse 15

bliana ón dáta a cuireadh ar fáil nó tugadh é agus, aon uair a iarrfaidh an Coimisiún amhlaidh le linn na tréimhse sin, tabharfar don Choimisiún é nó cóip de. I bhfianaise fhorálacha alt 35 thuas, ní mór ráitis a choinneáil faoi rún agus a chur ar fáil dóibh siúd amháin a bhfuil údarás acu breathnú orthu.

Mura bhfuil tú cinnte faoi aon cheann díobh thuas nó má tá aon cheist agat déan teagmháil le do thoil le Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ag info@sipo.ie nó ar an teileafón ag **01-639 5666**. Tabhair faoi deara le do thoil go bhfaigheann an Coimisiún um Chaighdeáin líon mór comhfhreagrais agus doiciméad ag buaicthréimhsí chun an Ráiteas Leasa bliantúil a chur isteach. D'fhéadfadh go mbeadh moill ar fhreagairt do cheisteanna dá bharr. Déanfaimid ár ndícheall gach ceist a fhreagairt go pras.